# Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025

## *Cúlra*

Leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 (an tAcht um Nochtadh Cosanta), déantar foráil maidir le hoibrithe a chosaint ar dhífhostú nó dochar eile a bheith á fhulaingt acu de dheasca ábhair imní a bheith á n-ardú acu maidir le nithe a chreideann siad le réasún a d'fhéadfadh a bheith ina n-éagóracha agus a tháinig ar a n-aird i gcomhthéacs oibre. Leis an Acht um Nochtadh Cosanta, leagtar amach roinnt bealaí inar féidir nochtuithe a dhéanamh – mar shampla d'fhostóir duine agus, in imthosca ábhartha, do dhuine 'forordaithe' seachtrach.

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí (faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta) tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina bhfuil deimhniú go bhfuil bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha agus, mar is infheidhme, bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe seachtracha i bhfeidhm, i dteannta mionsonraí ar oibriú na mbealaí sin sa bhliain féilire roimhe sin. Níor cheart a bheith mar thoradh ar an tuarascáil go mbeadh daoine a dhéanann nochtuithe inaitheanta.

Leis an tuarascáil seo faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, cumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025.

## *Bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Spreagann an Oifig tuairisciú inmheánach ar gach éagóir agus feidhmíonn sí beartas "Labhair amach" le haghaidh tuairisciú inmheánach a dhéanamh ar éagóir. Faisnéis mhionsonraithe le haghaidh 'oibrithe' maidir le conas 'Labhairt Amach' ar bhealach muiníneach agus iad ar an eolas go bhfiosrófar a n-ábhair imní go críochnúil, go cothrom agus gan díoltas, soláthraítear í inar mbeartas 'Labhair Amach' anseo.

## *Nochtuithe cosanta a fuarthas trí bhealach inmheánach Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in 2025*

Ní bhfuarthas aon nochtuithe in 2025 (2024: neamhní) i leith éagóir líomhnaithe ar thaobh comhalta foirne d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe seachtracha de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC) ina dhuine nó ina duine forordaithe faoin reachtaíocht i ndáil le héagóir líomhnaithe a bhaineann le húsáid mhíchuí a bhaint as cistí agus acmhainní poiblí nó i ndáil le hábhair imní maidir le luach ar airgead i leith eintitis a thagann faoi shainchúram ARCC.

Ainmnítear an tArd-Reachtaire Ciste agus Cuntas freisin in alt 17 den Acht um Nochtadh Cosanta mar an duine seachtrach dá bhféadfaidh oibrithe nochtuithe cosanta ina bhfuil faisnéis cáiníocóirí a dhéanamh.

Bhí bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe seachtracha de chineál neamhspleách agus uathrialaitheach chun déileáil le nochtuithe cosanta i bhfeidhm don bhliain féilire 2025. Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun gur féidir nochtuithe a dhéanamh d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus faoi conas a láimhseáiltear na nochtuithe sin, le fáil anseo.

Aon nochtuithe arna bhfáil ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar dhuine forordaithe, ní féidir iad a fhiosrú ná tuairisciú orthu ach amháin ar bhealach atá comhsheasmhach agus iomchuí do ról, cearta agus dualgais reachtúla a Oifige nó a hOifige i.e.

- mar chuid d'iniúchadh reachtúil ar ráitis airgeadais bhliantúla faoina shainchúram nó faoina sainchúram
- trí chigireacht arna déanamh faoi fhorálacha alt 8 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 nó
- trí scrúdú arna dhéanamh faoi alt 9 d'Acht 1993.

Níl cumhacht ghinearálta ná ar leith ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun nochtuithe a fuarthas a fhiosrú agus/nó tuairisciú ar na hábhair sin ar leithligh ó na feidhmeanna sin.

### *Nochtuithe cosanta arna bhfáil ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar dhuine forordaithe in 2025*

In 2025, cuireadh 13 thuarascáil faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin éagóir líomhnaithe a dúradh a tháinig ar aird na dtuairisceoirí i gcomhthéacs oibre agus a bhain le comhlachtaí faoi shainchúram an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (2024: 17 dtuarascáil).

Is ar bhonn anaithnid a bhí 7 gcinn de na tuarascálacha a fuarthas in 2025 (2024: 8 dtuarascáil).

Bhí beart leantach á dhéanamh ar 34 tuarascáil sa bhliain féilire. Tarchuireadh na tuarascálacha sin, lena n-áirítear 9 dtuarascáil a fuarthas in 2025, chuig an bhfoireann iniúchóireachta ábhartha lena gcur san áireamh, mar is iomchuí, agus an obair iniúchóireachta á pleanáil ina dhiaidh sin i leith an chomhlachta/na gcomhlachtaí ábhartha.
I ndeireadh na bliana féilire, críochnaíodh an beart leantach a rinneadh ar 21 tuarascáil. Bhí an meántéarma de bhearta leantacha a críochnaíodh sa bhliain féilire cothrom le 82 seachtain (airmheán 78 seachtaine). Le bearta leantacha, i gcomhthéacs Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, déantar tagairt d'ábhair a bhreithnítear mar chuid d'iniúchtaí airgeadais bliantúla agus dá réir sin, ar an meán, clúdaítear timthriall iniúchóireachta amháin ar a laghad leo.

**Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**23 Márta 2026**